Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2022/2015(INI)

12.1.2023

DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid - tuarascáil bhliantúil do na blianta 2019-2021
(2022/2015(INI))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Evin Incir

PR_INI

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid - tuarascáil bhliantúil do na blianta 2019-2021 (2022/2015(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), go háirithe Airteagail 1, 9, 10, 11 agus 16 de,

– ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), go háirithe Airteagal 15 de,

– ag féachaint do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe Airteagail 41 agus 42 di,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún[1],

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún an 30 Aibreán 2008 le haghaidh rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (COM(2008)0229),

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún an 21 Márta 2011 le haghaidh rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (COM(2011)0137),

– ag féachaint dá seasamh an 15 Nollaig 2011 maidir leis an togra le haghaidh rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún[2],

– ag féachaint do rún uaithi an 14 Meán Fómhair 2017 maidir le trédhearcacht, cuntasacht agus sláine in institiúidí AE[3],

– ag féachaint do rún uaithi an 17 Eanáir 2019 ar fhiosrúchán straitéiseach an Ombudsman OI/2/2017 ar thrédhearcacht na bpléití reachtacha i gcomhlachtaí ullmhúcháin Chomhairle an Aontais Eorpaigh[4],

– ag féachaint do Threoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint do dhaoine a thuairiscíonn sáruithe ar

[1] IO L 145, 31.5.2001, lch. 43.
[2] IO C 168E, 14.6.2013, lch. 159.
[3] IO C 337, 20.9.2018, lch. 120.
[4] IO C 411, 27.11.2020, lch. 149.

dhlí an Aontais[5] (‘an Treoir maidir le cosaint do lucht sceite eolais’),

– ag féachaint do rún uaithi an 10 Feabhra 2021 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid (Riail 122(7)) — tuarascáil bhliantúil do na blianta 2016-2018)[6],

– ag féachaint do rún uaithi an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le trédhearcacht agus sláine a neartú in institiúidí AE trí chomhlacht eitice neamhspleách AE a chur ar bun[7],

– ag féachaint do rún uaithi an 21 Deireadh Fómhair 2021 maidir le trédhearcacht AE i bhforbairt, ceannach agus dáileadh vacsaíní COVID-19[8],

– ag féachaint do rún uaithi an 16 Feabhra 2022 maidir leis an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an Ombudsman Eorpaigh in 2020[9],

– ag féachaint don tuarascáil ar thoradh deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, a foilsíodh i mí na Bealtaine 2022,

– ag féachaint do chinneadh uaithi an 18 Deireadh Fómhair 2022 maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta don bhliain airgeadais 2020[10],

– ag féachaint do rún uaithi an 15 Nollaig 2022 maidir le hamhras faoi éilliú ó Chatar agus an gá níos leithne atá le trédhearcacht agus cuntasacht sna hinstitiúidí Eorpacha[11],

– ag féachaint do thuarascálacha bliantúla an Ombudsman Eorpaigh,

– ag féachaint do chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) agus na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine (ECtHR),

– ag féachaint do thuarascálacha an Choimisiúin, na Comhairle agus na Parlaiminte ó 2019, 2020 agus 2021 maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2006 maidir le forálacha Choinbhinsiún Aarhus maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil a chur i bhfeidhm ar institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail[12],

– ag féachaint do Rialacha 54 agus 122(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um

[5] IO L 305, 26.11.2019, lch. 17.
[6] IO C 465, 17.11.2021, lch. 54.
[7] IO C 117, 11.3.2022, lch. 159.
[8] IO C 184, 5.5.2022, lch. 99.
[9] IO C 342, 6.9.2022, lch. 58.
[10] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0362.
[11] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0448.
[12] IO L 264, 25.9.2006, lch. 13.

Ghnóthaí Baile, (A9-0000/2023),

A. de bhrí go bhforáiltear le CAE nach mór cinntí a dhéanamh ar bhealach chomh hoscailte agus is féidir agus chomh gar do na saoránaigh agus is féidir[13]; de bhrí go bhforáiltear le CFAE go ndéanfaidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais a gcuid oibre ar bhealach chomh hoscailte agus is féidir agus nach mór do shaoránaigh agus cónaitheoirí ceart rochtana a bheith acu ar dhoiciméid[14]; de bhrí gur ceart bunúsach an-tábhachtach é sin toisc go gcuireann sé ar chumas na saoránach a gceart a fheidhmiú go héifeachtach chun grinnscrúdú a dhéanamh ar obair AE agus chun an próiseas cinnteoireachta laistigh de AE a leanúint;

B. de bhrí go gcothaíonn oscailteacht muinín; de bhrí nach mór d'institiúidí an Aontais féachaint leis na caighdeáin is airde trédhearcachta, chuntasachta agus sláine a bhaint amach; de bhrí go bhfuil oscailteacht agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta fíor-riachtanach chun dea-rialachas a chur chun cinn in institiúidí an Aontais;

C. de bhrí, sa tuarascáil chríochnaitheach ón gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, gur chuir na saoránaigh in iúl go raibh siad míshásta leis an easpa trédhearcachta i bpróiseas cinnteoireachta AE agus gur chuir siad in iúl gur mhian leo go mbeadh níos mó rannpháirtíochta agus cuntasachta ag saoránaigh;

D. de bhrí go bhfuil forbairt tagtha ar ionchais na saoránach maidir le trédhearcacht, cuntasacht agus réitigh theicniúla le blianta beaga anuas; de bhrí go bhféadfadh sé go mbeadh gá le réitigh agus treoirlínte teicniúla nua a ghlacadh chuige sin;

E. de bhrí gurb iad na príomhábhair imní a ardaíodh sna fiosrúcháin a dhún an tOmbudsman in 2021 ná trédhearcacht, cuntasacht agus rochtain phoiblí ar fhaisnéis agus ar dhoiciméid (29 %), agus ina dhiaidh sin cultúr seirbhíse (26 %) agus úsáid chuí discréide (18 %)[15];

F. de bhrí, i gcás 1499/2021/SF[16], gur chinn an tOmbudsman gur drochriarachán é diúltú na Comhairle rochtain phoiblí iomlán a thabhairt ar dhoiciméid a bhaineann le caibidlíochtaí reachtacha;

G. de bhrí gur léirigh freagairt an Aontais ar ghéarchéim COVID-19 go raibh sé in ann gníomhú, ach gur léirigh sí freisin an gá atá le trédhearcacht mhéadaithe laistigh den Aontas;

H. de bhrí gur ghlac an Pharlaimint a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh athchóiriú ar Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 i mí na Nollag 2011; de bhrí go bhfuil an chaibidlíocht maidir leis an rialachán sin ina stad ó 2012 i leith; de bhrí go bhfuil go leor freagrachtaí nua glactha ag AE ó tháinig an rialachán i bhfeidhm; de bhrí go n-éilíonn freagracht mhéadaithe trédhearcacht mhéadaithe chun creidiúnacht agus dlisteanacht AE a chaomhnú i súile na saoránach;

---

[13] Airteagal 10(3) CAE, arna léamh i bhfianaise an tríú haithris déag den bhrollach a ghabhann leis agus Airteagal 1(2) agus Airteagal 9 de.
[14] Airteagal 15 CFAE.
[15] https://www.ombudsman.europa.eu/ga/doc/annual-report/ga/156017, lch. 31.
[16] https://www.ombudsman.europa.eu/ga/decision/ga/157727.

Na forbairtí is déanaí

1. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di go líomhnaítear go raibh Feisirí, iar-Fheisirí agus foireann Pharlaimint na hEorpa ag gabháil d'éilliú, airgead a sciúradh agus páirt a ghlacadh in eagraíocht choiriúil mar mhalairt ar thionchar ar chinntí na Parlaiminte; á mheabhrú a thábhachtaí atá trédhearcacht maidir leis an éilliú a chomhrac agus maidir le cuntasacht daoine a chomhlíonann dualgais phoiblí a áirithiú; ag tabhairt dá haire go bhfágann ardleibhéal trédhearcachta go bhfuil sé níos éasca gníomhaíochtaí a bhaineann leis an bpróiseas cinnteoireachta a rianú agus go bhféadfadh sé cabhrú le gníomhaíochtaí coiriúla a nochtadh;

2. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur dhiúltaigh an Coimisiún, in 2021, tar éis iarraidh ar rochtain phoiblí ar theachtaireachtaí téacs idir Uachtarán an Choimisiúin agus POF cuideachta cógaisíochta maidir le vacsaíní COVID-19 a cheannach, fiú amháin teachtaireachtaí téacs den sórt sin a chuardach i gceart, gan trácht ar rochtain phoiblí a thabhairt dóibh; á mheabhrú gur toradh é doiciméad a chlárú ar dhoiciméad a bheith ann agus nach réamhriachtanas é go bhfuil sé ann; ag tacú le cinneadh an Ombudsman maidir le drochriarachán ag an gCoimisiún sa chás seo[17];

3. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur fadhb choitianta a bhíonn le sárú in iarrataí ar rochtain ar dhoiciméid ná rochtain a bheith á dhiúltú ag institiúidí ar bhonn argóintí neamhshubstaintiúla; á athdhearbhú nach mór d'institiúid a dhéanann ceann de na heisceachtaí ar rochtain a agairt measúnú oibiachtúil agus aonair a dhéanamh agus a thaispeáint go bhfuil an riosca don leas a chosnaítear intuartha agus nach riosca hipitéiseach amháin é, agus a shainiú conas a bhainfeadh rochtain ar an doiciméad an bonn den leas atá á chosaint go sonrach agus go héifeachtach[18]; á thabhairt chun suntais go bhféadfadh sé go bhféadfaí codanna áirithe de dhoiciméad a nochtadh nuair is gá codanna eile a chosaint; ag tabhairt dá haire, agus is díol spéise di, an cás a taisceadh i gcoinne na Comhairle as dul ar iontaoibh an 'doiciméad oibre' neamhfhoirmiúil preideacáide go minic[19];

4. á thabhairt dá haire go bhfaigheann an Coimisiún an líon is airde iarratas tosaigh ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid (8 420 in 2021), agus ina dhiaidh sin an Chomhairle (2 083 in 2021) agus an Pharlaimint (499 in 2021); á aithint go bhfuil ráta freagartha na n-institiúidí dearfach go leor ar an iomlán (in 2021, b'ionann é agus 75 % don Choimisiún, 89.5 % don Chomhairle agus 95 % don Pharlaimint);

5. á chur in iúl gur oth léi go bhfuil rochtain rótheoranta ar chomhairle Sheirbhísí Dlí na n-institiúidí faoi seach; ag tabhairt dá haire agus is díol spéise di go bhfuil an Chúirt tar éis a thabhairt chun suntais go mbraitheann an cheist an bhfuil tuairim dhlíthiúil thar a bheith íogair ar cibé an bhfuil ábhar na tuairime féin thar a bheith íogair nó nach bhfuil, agus nach mbraitheann sé ar an bpróiseas reachtach a bhaineann leis an tuairim a bheith

[17] https://www.ombudsman.europa.eu/ga/decision/ga/158295.
[18] Breithiúnas ó CBAE an 22 Márta 2018, *Emilio De Capitani v Parlaimint na hEorpa*, T-540/15, AE:T:2018:167; breithiúnas ó CBAE an 1 Iúil 2008, an tSualainn agus Turco v Comhairle an Aontais Eorpaigh, Cásanna Uamtha C-39/05 P agus C-52/05, AE:C:2008:374.
[19] Cás a taisceadh an 7 Bealtaine 2021, *De Capitani* v *Comhairle an Aontais Eorpaigh*, T- 163/21.

íogair[20];

6. á chur in iúl gur geal léi gur bhunaigh Frontex clár doiciméad ar shuíomh gréasáin tiomnaithe; ag tabhairt dá haire, áfach, nach bhfuil ach fíorbheagán doiciméad sa chlár a bhaineann le cur chun feidhme oibríochtaí comhpháirteacha, arb iad príomhghníomhaíocht na gníomhaireachta iad; á chur i bhfáth go bhfuil an fhaisnéis sin riachtanach chun obair na gníomhaireachta a thuiscint; ag tacú le moladh an Ombudsman, tar éis a fiosrúcháin féintionscnaimh, 4/2021/MHZ, gur cheart don ghníomhaireacht cur chuige níos réamhghníomhaí a ghlacadh i leith na trédhearcachta d'fhonn cuntasacht níos fearr a áirithiú as a cuid oibríochtaí;

Staid reachtach na himeartha

7. á chur i bhfios, mar thoradh ar theacht i bhfeidhm CAE agus CFAE, go mbaineann an ceart rochtana ar dhoiciméid le hinstitiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí uile AE[21]; ag tabhairt dá haire, i bhfianaise na n-oibleagáidí trédhearcachta feabhsaithe a leagtar síos sna Conarthaí, nár cheart go n-ísleodh aon athbhreithniú ar Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 an leibhéal trédhearcachta atá ann faoi láthair; á thabhairt chun suntais go bhfuil ról ríthábhachtach ag an gcásdlí ábhartha maidir leis an rialachán a choinneáil cothrom le dáta leis na forbairtí reatha[22]; á thabhairt chun suntais gur gá an cásdlí ábhartha a chódú, trédhearcacht a neartú tuilleadh agus cuntasacht a áirithiú laistigh de AE;

8. á mheabhrú nach doiciméad é meán an doiciméid ná gur cláraíodh é a fhágann gur doiciméad de chuid institiúide ar leith é, ach an mbaineann a inneachar le hábhar a bhaineann le beartais, gníomhaíochtaí agus cinntí a thagann faoi réimse freagrachta na hinstitiúide sin;

Moltaí

9. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún trédhearcacht a mhéadú laistigh den Aontas bunaithe ar 'trédhearcacht mar réamhshocrú'; ag impí ar an gCoimisiún gan breithniú a dhéanamh ar aon togra maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 lena n-ísleofaí na caighdeáin trédhearcachta agus rochtana ar dhoiciméid; á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil an chaibidlíocht gan stad le fada agus ag tathant go láidir ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún tús a chur arís leis an gcaibidlíocht leis na hinstitiúidí eile ar bhonn na dtograí ón gCoimisiún ó 2008 agus 2011; ag tabhairt dá haire go mbeidh ar aon athchóiriú aghaidh a thabhairt ar phríomh-shaincheisteanna amhail raon feidhme na bhforas le diúltú, an tástáil leasa phoiblí, trédhearcacht sa phróiseas reachtach, agus cur i gcoinne blocdhíolúintí; ag iarraidh ar an gComhairle, ar an gCoimisiún agus ar an bParlaimint oibriú go cuiditheach leis an aidhm dheiridh rochtain níos leithne agus níos fearr ar dhoiciméid a

[20] Breithiúnas an 21 Aibreán 2021, *Laurent Pech v Comhairle an Aontais Eorpaigh*, T-252/19, EU:T:2021:203.
[21] Airteagal 15 (3) CFAE).
[22] Féach, mar shampla, breithiúnas CBAE an 18 Iúil 2017, *An Coimisiún Eorpach* v *Patrick Breyer*, T-213/15, AE:C:2017:563; breithiúnas CBAE an 1 Meán Fómhair 2021, *Andrea Homoki* v *An Coimisiún Eorpach*, T-517/19, AE:T:2021:529; agus breithiúnas CBAE an 21 Aibreán 2021, *Laurent Pech v Comhairle an Aontais Eorpaigh*, T-252/19, AE:T:2021:203.

thabhairt do shaoránaigh AE;

10. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá Clár Trédhearcachta na Parlaiminte agus á iarraidh go dtabharfaí isteach ceanglas éigeantach ar na Feisirí uile gach cruinniú sceidealta le daoine lasmuigh den Pharlaimint a phoibliú i gcás ina mbaineann na cruinnithe sin le tuarascáil nó rún ó Pharlaimint na hEorpa;

11. á iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar na Rialacháin Foirne, go háirithe Airteagal 22(c) de, chun iad a ailíniú le caighdeáin na Treorach maidir le cosaint do lucht sceite eolais; ag athdhearbhú a hiarrata ar choiste speisialta a mbeadh sé de chúram air lochtanna a d'fhéadfadh a bheith i rialacha Pharlaimint na hEorpa maidir le trédhearcacht, sláine agus éilliú a shainaithint agus tograí a dhéanamh le haghaidh athchóirithe; á mheabhrú go bhfuil sí tiomanta do choiste fiosrúcháin a chur ar bun chun imscrúdú a dhéanamh ar chásanna éillithe agus ar ghníomhaíochtaí míchuí ó thíortha nach tíortha den Aontas iad atá ag iarraidh tionchar a cheannach i bParlaimint na hEorpa; ag meabhrú a seasaimh gur cheart don Choimisiún togra a chur ar aghaidh chun comhlacht eitice nua a chur ar bun d'institiúidí AE a luaithe is féidir;

12. á chur in iúl gur geal léi moltaí praiticiúla an Ombudsman maidir le conas téacs agus teachtaireachtaí meandracha a sheolann nó a fhaigheann baill foirne ina gcáil ghairmiúil a thaifeadadh[23]; aithníonn sí gur 'doiciméid' iad téacs a bhaineann leis an obair agus teachtaireachtaí meandracha de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid agus iarrann sí ar institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile an Aontais é sin a aithint freisin; ag iarraidh ar institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile AE léirmhíniú leathan ar choincheap an 'doiciméid' a úsáid, rud atá thar a bheith tábhachtach i sochaí faisnéise agus i gcomhthéacs cineálacha nua cumarsáide;

13. ag iarraidh ar institiúidí AE beartas 'trédhearcacht d'aon ghnó' a bheith acu agus doiciméid atá nasctha le comhaid reachtacha a fhoilsiú go réamhghníomhach, laistigh de thréimhse ama réasúnach agus ar bhealach atá soláimhsithe don úsáideoir; ag iarraidh ar institiúidí AE breithiúnas CBAE i gCás T-540/15[24] maidir le rochtain ar dhoiciméid thríthaobhacha a chomhlíonadh go hiomlán; á áitiú gur cheart don Chomhairle feabhas a chur ar a rialacha agus a nósanna imeachta maidir le trédhearcacht reachtach, lena n-áirítear inrochtaineacht agus aicmiú doiciméad reachtach;

14. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún treoirlínte inmheánacha nua a dhréachtú maidir le trédhearcacht agus rochtain ar dhoiciméid agus iarrann sí ar institiúidí eile an tionscnamh seo a leanúint; ag spreagadh an Choimisiúin chun a áirithiú go mbeidh beartas 'trédhearcacht d'aon ghnó' i gceist leis na treoirlínte agus go léireofar iontu an cásdlí ábhartha agus moltaí an Ombudsman le blianta beaga anuas[25];

---

[23] https://www.ombudsman.europa.eu/en/doc/correspondence/en/158383.
[24] Breithiúnas an 22 Márta 2018, *Emilio De Capitani v Parlaimint na hEorpa*, T-540/15, AE:T:2018:167.
[25] Féach, mar shampla, cinneadh an Ombudsman Eorpaigh i gcás 2142/2018/EWM (https://www.ombudsman.europa.eu/en/decision/ga/122313); breithiúnas CBAE an 14 Meán Fómhair 2022, *Pollinis France* v *an Coimisiún Eorpach,* Cásanna Uamtha T-371/20 agus T-554/20, AE:C:2022:556; agus breithiúnas CBAE an 22 Márta 2018, *Emilio De Capitani v Parlaimint na hEorpa*, T-540/15, AE:T:2018:167.

15. ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile AE a bheith níos réamhghníomhaí maidir le staidreamh a fhoilsiú maidir leis an gcaoi a láimhseálann siad iarrataí ar rochtain ar dhoiciméid, toisc go gcabhródh an fhaisnéis sin le measúnú a dhéanamh ar chur chuige na n-institiúidí maidir le rochtain ar dhoiciméid;

16. á mheabhrú nach mór iarratas ar rochtain ar dhoiciméad a láimhseáil go pras[26]; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfaigheann an tOmbudsman go leor gearán ó na saoránaigh faoi mhórmhoill maidir le rochtain a fháil ar dhoiciméid a iarradh; ag tacú le tuairimí an Ombudsman gur diúltú rochtain atá ann i ndáiríre má chuirtear moill ar rochtain a fháil agus gur cheart próisis riaracháin a chuíchóiriú chun a áirithiú go bhfaighidh saoránaigh rochtain ar dhoiciméid ar bhealach tráthúil; á iarraidh go mbeadh níos mó sonraí ann maidir le comhlíonadh na spriocdhátaí ag na hinstitiúidí;

17. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, nach féidir le saoránaigh faoi láthair agóid a dhéanamh i gcoinne iarraidh ar rochtain ar dhoiciméid a dhiúltú ach amháin trí imeachtaí cúirte a thionscnamh i gcoinne na hinstitiúide agus/nó trí ghearán a dhéanamh leis an Ombudsman; ag iarraidh ar institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí AE nósanna imeachta níos inrochtana a ghlacadh chun gearáin faoi dhiúltú rochtain a dheonú a láimhseáil; ag moladh, sa chomhthéacs sin, oifigigh neamhspleácha shinsearacha a cheapadh a mbeidh sé de chumas acu athbhreithniú a dhéanamh, gan moill mhíchuí, ar achomhairc maidir le hiarrataí ar rochtain ar dhoiciméid;

°

° °

18. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

[26] Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001, Airteagal 7.